duaisiarracht

táid ag teacht le soilse an lae . . .

aiste le pól ó duibhir

Níl aon chuid de Thiarnas an Rí is mó atá i mbaol ruathar an Namhad sa Chogadh seo ná Éire, agus in Éirinn is í an Phríomhchathair is mó atá i gcontúirt.[1]

BA Í SEO AN TUAIRIM A NOCHT AN COIRNÉAL SEOIRSE NAPIER DE chuid arm Shasana i 1794-5. Ó thús an chogaidh idir an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc i 1793 bhí an-imní ar pholaiteoirí agus ar chinnirí míleata na Breataine go ndéanfadh loingeas na Fraince ruathar faoi Thiarnas Shasana, agus cén áit ab fhearr seo a dhéanamh ná in Éirinn. Bhí na Francaigh i seilbh mórán calafort san Ollainn ag an am, rud a chuir iachall ar an mBreatain furmhór a loingeas féin a choinneáil sa Mhuir Thuaidh.

Le gaoth aniar a mhairfeadh ceithre nó cúig lá d'fhéadfadh loingeas na Fraince caladh Bhrest a fhágáil agus Cuan Bhaile Átha Cliath a shroicheadh sula mbeadh ar chumas na mBreatnach teacht i gcabhair ar an bpríomhchathair. Chuirfeadh an ghaoth chéanna lánchosc ar cibé longa Breatnacha a bheadh i gcaladh Portsmouth seoladh i dtreo na hÉireann.

Bá Chill Inion Léinín an áit ab fhearr le fir armtha a chur i dtír faoi choinne na príomhchathrach, dar le Napier,

> *. . . d'fhéadfaí 1,500 fear, maraon le gunnaí móra, a chur i dtír san uisce éadomhain ainneoin na taoide agus bheidís i seilbh na cathrach sula mbeadh sé ar chumas na nÚdarás 800 saighdiúr a sheoladh amach as an gcathair le cur fúthu, fiú leathshlí idir an namhaid agus cathair Bhaile Átha Cliath.*[2]

Bhí imní air leis go gcuirfeadh an daoscarshlua fáilte roimh na Francaigh agus go mbainfeadh siad leas as an ócáid le saibhreas na huasalaicme a chreachadh.

Leis an scéal a leigheas, mhol Napier go ndéanfaí tuairim is trian den arm a dháileadh ar chosaint na príomhchathrach, ag tosú le Bá Chill Inion Léinín, áit arbh chóir campa a bhunú do 5,000 fear.[3] Bheadh ar an gcampa seo bheith siar roinnt ón gcósta, taobh amuigh de réimse na ngunnaí a bheadh ag scaoileadh faoi ó na báid sa chuan. Bhí raon dhá mhíle gaelacha ag roinnt de na gunnaí seo. Mhol sé freisin go bhféachfadh an t-arm chuige go mbeadh cór beag ceardaithe ar fáil le hoibreacha créafóige sealadacha a chur in airde faoi choinne éigeandála.[4]

Ghlac an Tiarna Camden, Ionadaí an Rí, leis an gcomhairle seo. Go luath sa bhliain 1795 bhí sé ag beartú campaí a chur ar bun agus ar 1 Meitheamh, osclaíodh an campa i mBaile Lochán, tuairim is míle intíre ón gcósta ar 120 acra talún a bhain leis an Eaglais Bhunaithe.[5] Ainneoin an cúpla mí tréanála a cuireadh orthu ní raibh na trúpaí fós maith go leor i Mí Lúnasa le taispeántas a chur ar fáil don Tiarna Leifteanant.[6] I Mí na Nollag 1775 bhí 2,000 fear cheana féin sa champa[7] agus i rith na bliana dar gcionn bhí siad ag cleachtadh faoi choinne an uile shórt éigeandála: inlíochtaí oíche agus cur i gcoinne teacht i dtír an namhad.[8]

Thug John Ferrar cuairt ar an gcampa i 1796 agus bhí ardmholadh aige don bhealach ar thug na hoifigigh faoi chompord na saighdiúirí a bhaint amach.[9] Bhí gné amháin d'iompar na bhfear ag cur as dó, áfach:

> *. . . malachtú ainm an Té Uilechumhachtaigh . . . coir atá ina shliocht ifreanda ag an aindiachas gníomhach agus ag an sotal ainchreidmheach; coir nach dtéann chun tairbhe onóir ná pléisiúir an ainniseora phágánta a dhéanann é; coir a tharraingíonn náire poiblí air; tugtar os comhair breithimh é dá bharr agus cuirtear chuig teach leasaithe é mura n-íocann sé an fhíneáil náireach a ghearrtar air; ach, níos measa fós, coir, má leantar leis, a*